

# INÍUCHTA

**Comhairle Contae  
Fhine Gall**  
Fingal County  
Council



RÁITEAS AIRGEADAIS BHLIANTÚIL

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

## CLÁR NA nÁBHAR

### Uimh. an Leathanaigh

Athbhreithniú Airgeadais	1
Teastas an Phríomhfheidhmeannaigh & an Cheannasaí Airgeadais	3
Tuairim Iniúchta	4
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	5 - 10

### Cuntais Airgeadais

- Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	13
- Ráiteas ar Staid an Airgeadais	14
- Ráiteas ar Shreabhadh Cistí	15
- Sócmhainní Seasta	16
- Obair idir Lámha agus Réamhchostais	17
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha 15	
- Stoic	18
- Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí 16	
- Creidiúnaithe agus Fabhrúithe	19
- Iasachtaí Iníochta (a)	20
- Iasachtaí Iníochta (b)	20
- Taiscí Inaisíochta	20
- Cuntas Caipitlithe 18	
- Iarmhéideanna Eile 19	
- Anailís ar an gCuntas Caipitil	23
- Seasamh Maoinithe na hIasachta Morgáiste	23
- Achoimre ar an gCuntas Gléasra agus Ábhar	24
- Anailís ar Aistrithe chuig/ó Chúlchistí	24
- Anailís ar Ioncam	24
- Róchaiteachas/Tearc-chaiteachas	25
- Glan-insreabhadh Airgid/(Eis-sreabhadh)	26
- Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Cúlchiste	26
- Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Caipitil Eile	26
- Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Iasachta agus Léasa	26
- Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Cúlchiste	27
- Anailís ar Athruithe ar Airgead agus Coibhéisí Airgid	27
- Na Coimisinéirí Ioncaim: Leibhéal 1 Litir Idirghabhála Comhlíonta	27
- Scéim Tarscaoilte Ranníocaíochta Forbartha	27

### Aguisíní

1. Anailís ar Chaiteachais	29
2. Caiteachas agus Ioncam bunaithe ar an Rannán	30 - 37
3. Anailís ar Ioncam ó Dheontais & Fóirdheontais	38
4. Anailís ar Ioncam ó Earraí & Seirbhísí	39
5. Achoimre ar Chaiteachas & Ioncam Caipitil	40
6. Anailís ar Ioncam & Caiteachas ar an gCuntas Caipitil	41
7. Achoimre ar Mhórbhailiúcháin Ioncaim	42
8. Leas Údarás Áitiúil i gCuideachtaí	43



# **Athbhreithniú Airgeadais**

## **Réamheolas:**

Cúis áthais dom Ráiteas Airgeadais Bhliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 a chur i láthair. Tá an Ráiteas Airgeadais Bhliantúil ullmhaithe de réir an Chód Cleachtais Chuntasaíochta d'Údaráis Áitiúla. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhráithe agus cuimsítear iontu Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais), Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe), Ráiteas ar Shreabhadh Cistí (Ráiteas Sreafa Cistí), Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, Nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus Aguisíní i bhformáidí forordaithe.

## **Cuntas Ioncaim & Caiteachais**

Bhí an Caiteachas foriomlán i gcomhair 2023 ar an gcuntas ioncaim cothrom le €291m le €44.7M breise in aistrithe chuig an gcuntas caipitil, agus bhí ioncam a bhain leis an gcuntas cothrom le €335.7m.

Tá an toradh atá luaite le cuntas ioncaim 2023 cothrom le sochar luach €252. Nuair a chuirtear an t-iarmhéid sochair isteach san áireamh, tá iarmhéid sochair luach €15.98m luaite leis an gCuntas Ioncaim.

Tá fianaise le fáil sa chaiteachas foriomlán ar an infheistíocht leantach i seirbhísí ar fud an Chontae go háirithe tithíocht agus oibríochtaí. Tá fianaise le fáil sa chuntas ioncaim agus caiteachais freisin ar an maoiniú leanúnach atá á chur ar fáil do thionscadail chaipitil ar fud an Chontae.

## **An Clár Comhardaithe**

Áirítear sa Ráiteas Airgeadais Ilbhliantúil (AFS) luachálacha le haghaidh sócmhainní seasta agus cuimsítear ann tithe, talamh, foirgnimh, trealamh, sócmhainní oidhreachtá, gléasra agus innealra, gréasáin bóithre agus gné uisce dromchla ár líonra draenála. Tá luach iomlán na sócmhainní seasta arna léiriú sa chlár comhardaithe ag an 31 Nollaig 2023 cothrom le €3.162bn.

Bhí an caiteachas caipitil gan aistrithe san áireamh cothrom le €347.7m, sin fianaise ar mhéadú de €168.4m ar chaiteachas in 2023. Cuimsítear anseo caiteachas caipitil i roinnt réimsí lena n-áirítear tithíocht, bonneagar straitéiseach agus taisteal gníomhach, agus is fianaise é ar an méadú atá tagtha ar thionscadail chaipitil a sholáthar ar fud an Chontae.

Bhí fiacha iomlána na Comhairle de bhua na n-iasachtaí a bhí le n-íoc ag an 31 Nollaig 2023 cothrom le €307.6m, sin fianaise ar mhéadú de €18.8m i gcomparáid le 2022. Tá an méadú ar iasachtaíocht le tabhairt faoi deara mar gheall ar iasachtaíocht do

chíosanna de réir costais agus tionscadal Cheathrú an Chultúir, Sord. Chomhaontaigh na Baill ar shaoráidí iasachtaíochta breise i rith 2023 chun seachadadh na tithíochta ar cíós de réir costais a mhaoiniú ag Goirt an Teampaill, Mullach Eadrad agus forbairt Cheathrú an Chultúir, Sord.

Tá tionchar caiteachais iomláin ár gCuntas Ioncaim agus Caiteachais cothrom le €638.6m i gcomhair 2023.

### **Bailiú Fiach**

Tá mionsonraí maidir leis na príomhchuntais bhailiúcháin le fáil in Aguisín 7. Ba iad rátaí tráchtála príomhfhoinsí maoinithe na Comhairle. Bhí an t-ollráta bailithe ráta an-láidir in 2023, 99.1%. Príomhghné de chumas na Comhairle leanúint ar aghaidh le seirbhísí agus le tionscadail a sholáthar ar fud an Chontae é an ráta bailithe ard.

### **Dearcadh Airgeadais**

Cosúil le heagraíochtaí eile, le blianta beaga anuas, b'éigean don Chomhairle déileáil leis an bpaindéim, le héagobhsaíocht idirnáisiúnta agus le brú boilscitheach. Dá ainneoin sin, tá staid airgeadais na Comhairle fós réasúnta cobhsaí. Cosúil le blianta roimhe sin, i rith 2023 agus mar is léir ó bhuiséad 2024, táimid ag leanúint ar aghaidh le hairgead na Comhairle a úsáid chun seirbhís agus seachadadh tionscadal caipitil ar fud an Chontae a fheabhsú. Gné ríthábhachtach de seo amach anseo a bheith i dtacaíocht leanúnach na mBall i ndáil le nithe buiséadacha agus airgeadais.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne na baill foirne ar fad chun na cuntais deiridh seo a ullmhú.

**AnnMarie Farrelly**  
*Príomhfheidhmeannach*  
**28 Márta 2024**

## Comhairle Contae Fhine Gall

### Teastas an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Ceannasaí Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

- 1.1 Tá muid, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceannasaí Airgeadais, freagrach as ráiteas airgeadais bhliantúil a ullmhú de réir an chóid chleachtas chuntasaíochta a d'eisigh an tAire faoi Alt 107 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001.
- 1.2 Táimid freagrach as leabhair chuntais cuí a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn staid airgeadais an údaráis áitiúil agus a chuireann ar a chumas a áirithiú go bhfuil na ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh ag na ráitis airgeadais atá ullmhaithe.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a chur i gcrích chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- 1.4 Nuair a bhíonn ráitis airgeadais á n-ullmhú cuirimid an méid seo a leanas san áireamh:
  - sonraítear go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir an Chóid Chleachtas Chuntasaíochta agus go bhfuil na beartais chuntasaíochta curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach; agus,
  - go ndearnadh breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama;
- 1.5 Deimhnímid go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, atá le fáil idir leathanach 5 agus 24, ag comhaontú leis na leabhair chuntais agus go bhfuil siad ullmhaithe de réir na gceanglas cuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Phríomhfheidhmeannach



Dáta 28/3/2024

An Ceannasaí Airgeadais



Dáta 28/3/2024

## **Tuairim an Iniúchóra Neamhspleách do Bhaill Chomhairle Contae Fhine Gall**

Tá iniúchadh déanta agam ar ráiteas airgeadais bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 mar atá leagtha amach ar leathanaigh 5 go 24, a chuimsíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais, an Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí agus Nótaí leis na Cuntais agus atá mar chuid díobh. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus é á ullmhú ná an Cód Cleachtais agus na Rialacháin Chuntasaíochta mar atá forordaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

### **Freagrachtaí na Comhairle agus an Iniúchóra Rialtais Áitiúil**

Tá an Chomhairle, de réir Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, freagrach as gach taifead cuntasaíochta a chothabháil lena n-áirítear an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhú. Is é mo fhreagracht, bunaithe ar m'iniúchadh, teacht ar thuairim neamhspleách ar an ráiteas agus mo thuairim a thuairisciú duit.

### **Raon an iniúchta ar an ráiteas airgeadais**

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid um Chleactas Iniúcháireachta, mar a fhorordaítear faoi Alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe sa ráiteas airgeadais bliantúil. Cuimsíonn sé measúnú freisin ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinneadh agus an ráiteas airgeadais á ullmhú, agus cíbe an bhfuil na beartais cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Comhairle, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus an nochtáitear go leordhóthanach iad.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh d'fhonn an t-eolas agus na mínithe go léir a fháil a mheas mé a bhí riachtanach d'fhonn fianaise leordhóthanach a sholáthar chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil an ráiteas airgeadais bliantúil saor ó mhíríteas ábhartha, cíbe acu calaois nó earráid ba chúis leis.

### **Tuairim ar an ráiteas airgeadais**

Is é mo thuairim go gcuireann an ráiteas airgeadais bliantúil, a ullmhaíodh de réir an Chóid Chleachtais agus na Rialacháin Cuntasaíochta d'údaráis áitiúla, staid airgeadais Chomhairle Contae Fhine Gall i láthair go cothrom an 31 Nollaig 2023 agus a hioncam agus caiteachas don bhliain dár críoch ansin.

### **Tuarascáil Iniúchta Reachtúil**

D'ullmhaigh mé tuarascáil iniúchta ghaolmhar freisin dá bhforáiltear in Alt 120(1) (c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

---

Daragh Mc Mahon  
Príomh-Iniúcháir

Dáta: \_\_\_\_\_

# **RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

## **1. Ginearálta**

Ullmhaíodh na cuntais de réir an Chóid Chleachtais Cuntasaíochta (ACoP) maidir le cuntasaíocht údaráis áitiúil, arna athbhreithniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) ar an 31 Nollaig 2023. Ní mór neamhchomhlíonadh leis na beartais chuntasaíochta atá luaite in ACoP a shonrú sna Beartais agus Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.

## **2. Ráiteas ar Shreabhadh Cistí (Ráiteas Sreafa Cistí)**

Bunaíodh Ráiteas ar Shreabhadh Cistí mar chuid de RAB 2011. Ainneoin gur leanadh treoir Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, ní hionann an gnó a dhéanann údaráis áitiúla agus an gnó a dhéanann formhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus, dá bhrí sin, tá comhaontú déanta maidir le roinnt mionathruithe ar an bhformáid lena áirithiú go bhfuil na sonraí a chuirtear ar fáil fiúntach agus úsáideach laistigh den earnáil rialtais áitiúil. Chuige sin, ‘Ráiteas ar Shreabhadh Cistí’ a thugtar ar an ráiteas. Anois cuimsítear sna cuntais airgeadais Ráiteas ar Shreabhadh Cistí a thaispeántar i ndiaidh an Ráitis ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nóta 17 – 22 leis an Ráiteas ar Shreabhadh Cistí agus taispeántar iad sna Nótaí maidir le agus ar cuid de rannóg Cuntas AFS iad. Tá sonraí le fáil i Nóta 19 maidir le hiarmhéideanna Tionscadail/Neamhthionscadail/Inacmhainne/Deonacha, agus d'fhéadfadh gur iarmhéid dochair nó sochair a bheadh i gceist. Glactar leis sa sreabhadh cistí gur iarmhéideanna dochair iad seo agus bunaítear an tuairisc ar (Méadú)/Laghdú air seo.

## **3. Fabhruithe**

Ullmhaíodh na cuntais ioncaim agus chaipitil ar bhonn fabhraithe de réir an Chóid Cleachtais.

## **4. Muirir Úis**

Is féidir iasachtaí iníoctha a roinnt sa dá chatagóir seo a leanas:

- Iasachtaí a bhaineann le morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann le morgáiste

### **4.1 Iasachtaí a bhaineann le Morgáiste**

Tá sruth ioncaim chomhfhreagraigh ag iasachtaí a bhaineann le morgáiste ó airleacain fhadtéarmacha (i.e. airgead tugtha ar iasacht ag an údarás áitiúil d'iasachtaithe), chun tithe a cheannach. Ní mhuirearaítear ná ní chuirtear ach an ghné úis chun sochair an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais).

### **4.2 Iasachtaí Nach mBaineann le Morgáiste**

Sonraítear i Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais na cineálacha iasachtaíochta faoi gceanteideal seo. I ndáil le hiasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais, ní bheidh

sruth ioncaim chomhfhreagraigh ag maoiniú ioncaim. Amach anseo, glacfar le maoiniú idirlinne mar chuid de mhaoiniú buan. Beidh luach comhfhreagrach sonraithe i Nóta 3 le haghaidh iasachtaí a bhaineann le ceanteidil eile. Tá costas aisíocaíochta iasachta na príomhiasachta agus an úis arna mhaoiniú tríd an bpróiseas buiséid bhliantúil. Ag deireadh na bliana airgeadais, aistrítear gné mhaoinithe na príomhiasachta agus fritháirítear í i gcoinne cúlchiste aisíocaíochta iasachta. Áirítear an t-aistriú seo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntas Ioncaim & Caiteachais) faoin gceanteideal 'aistrithe ó/chuig cúlchistí'.

## **5. Pinsin**

Muirearaítear íocaíochtaí a bhaineann le pinsin agus aiscí chuig an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Cuimsítear i gcostas tuarastal agus pána sna cuntais asbhaintí a bhaineann le sochair ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear Baintreacha agus Dílleachtaí) faoi Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil agus Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

Cuireadh tús leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair") ar an 1 Eanáir 2013. Tá na húdaráis áitiúla ag leanúint le ranníocaíochtaí fostaí a asbhaint don Scéim Aonair ach íoctar iad ar bhonn lárnach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá breithniú fós á dhéanamh ar cheanglais na gcaighdeán cuntasaíochta reatha a bhaineann le pinsin agus a gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs na cuntasaíochta údaráis áitiúil.

## **6. Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí Eile**

Déantar caiteachas ar sheirbhísí curtha ar fáil nó curtha i gcrích thar ceann údarás áitiúil eile a fhorchúiteamh ag costas nó de réir comhaontuithe sonracha.

## **7. Árachas**

Tá an Chomhairle féin-árachaithe go suntasach i réimsí an árachais dliteanais phoiblí agus fostóra. Tá barrachas luach €254,000 agus €127,000 faoi seach luaite leis an polasaithe seo. Tá foráil leanúnach á déanamh sa bhuiséad ioncaim do chostas na n-éileamh. Ina theannta sin, tá ciste árachais bunaithe ar bhonn infheistíochta seachas ar bhonn achtúireach. Táimid sásta go mbeidh an ciste árachais oiriúnach chun freastal ar aon dliteanais reatha a d'fhéadfadh a bheith i gceist.

## **8. Foráil do Dhrochfhiacha & d'Fhiacha Amhrasacha**

Tá foráil déanta sna cuntais ábhartha do dhrochfhiacha agus d'fhiacha amhrasacha. Chomh maith leis sin, tá foráil déanta againn le haghaidh aon iasachtaí nach bhfuil clúdaithe faoin bPróiseas um Réiteach Riaráiste Morgáiste.

## **9. Sócmhainní Seasta**

### **9.1 Rangú Sócmhainní**

Rangaítear sócmhainní seasta sna catagóirí atá sonraithe sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá tuilleadh miondealaithe bunaithe ar an gcineál sócmhainne le fáil

i Nóta 1 a ghabhann leis na cuntais.

## **9.2 Aitheantas**

Déantar an caiteachas ar fad a bhaineann le héadail nó tógáil sócmhainní seasta a chaipitliú ar bhonn fabhráithe. Cuirfear sócmhainní seasta atá tógtha ag forbróirí in ionad a ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil curtha san áireamh inár sócmhainní seasta cheana féin, san áireamh inár bpróiseas athluachála sócmhainní seasta.

## **9.3 Tomhas**

Cuimsíodh Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ina raibh sócmhainní uile an údaráis áitiúil sonraithe sa Ráiteas Airgeadais Bhliantúil le haghaidh 2003 den chéad uair. Luacháladh na sócmhainní seo bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tá gach sócmhainn ceannaithe nó tógtha amhail ón 1/1/2004 curtha san áireamh ag costas stairiúil. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad na ráitis airgeadais amach anseo. Tá luacháil Tithíocht Údaráis Áitiúil á déanamh chun críche AFS amháin agus níor cheart brath uirthi le haghaidh aon chríche eile. Glacadh leis go raibh luach nialasach luaite le gach spás oscailte ag an 31/12/03. Glacadh le gach áit súgartha ar a gcostas ón 1/1/04. Sonraítear glanluach inréadaithe spásanna uaigneanna arb ionann é agus a bpraghas díola.

## **9.4 Athluacháil Sócmhainní Seasta**

Mar atá sonraithe in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Cuntasaíochta, is é an nós atá ann sócmhainní seasta a thaispeáint ar a gcostas. I láthair na huaire, níl costais chothabhála agus feabhsaithe a bhaineann le sócmhainní Bonneagair san áireamh i sócmhainní seasta ach déanfar athbhreithniú amach anseo. Mar gheall ar a nádúr fisiciúil, baineann formhór na sócmhainní leis na húdaráis áitiúla agus níl siad faoi réir diúscartha. Déantar cuntas ar aon chaillteanas nó gnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe aon sócmhainní ginearálta fágtha atá faoi réir diúscartha, a chuntas tráth na diúscartha.

## **9.5 Diúscairt**

Maidir le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam chun sochair cúlchiste sonrath a chuirtear chun feidhme nuair a bhíonn sócmhainní nua á gceannach. Tá fáiltas a bhaineann le díol tithe údaráis áitiúil le cur i bhfeidhm de réir threoir na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## **9.6 Dímheas**

Faoin modh cuntasaíochta reatha, tá an muirear le haghaidh dímheas fritháirithe ag amúchadh fhoinsé maoinithe na sócmhainne. Tá tionchar neodrach ag an modh seo ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais agus, dá bharr sin, ní chuirtear an muirear le haghaidh dímheasa agus an sochar comhfhreagrach ó amúchadh san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais).

Seo a leanas na beartais atá le cur i bhfeidhm i ndáil le sócmhainní faoi réir dímheasa:

<b>An Cineál Sócmhainne</b>	<b>Bunús</b>	<b>Ráta Dímheasa</b>
Innealra agus Gléasra <ul style="list-style-type: none"> <li>Saol Fada</li> <li>Saol Gearr</li> </ul>	Méid Cothrom Méid Cothrom	10% 20%
Trealamh	Méid Cothrom	20%

Troscán	Méid Cothrom	20%
Sócmhainní Oidhreachta		Náid
Leabhair Leabharlainne		Náid
Áiteanna Súgartha	Méid Cothrom	20%
Páirceanna	Méid Cothrom	2%
Láithreáin Líonta Talún (*Féach ar an Nóta)		
Sócmhainní Uisce <ul style="list-style-type: none"> <li>Scéimeanna Uisce</li> <li>Scéimeanna Draenála</li> </ul>	Méid Cothrom Méid Cothrom	Saolré Sócmhainne 70 Bliain Saolré Sócmhainne 50 Bliain

Ní mhuirearaíonn an Chomhairle dímheas i rith na bliana diúscartha agus muirearóidh sí bliain iomlán dímheasa sa bhliain éadála.

**\* Tá luach an láithreáin líonta talún curtha san áireamh i Nóta 1 faoi thalamh. Is éard atá i gceist le dímheas ídiú na sócmhainne líonta talún.**

## 10. Deontais Rialtais

Déantar cuntas ar dheontais Rialtais ar bhonn fabhráithe. Cuirtear deontais a fhaightear chun íoc as oibríochtaí laethúla chun sochair don Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Taispeántar deontais a fhaightear, a bhaineann le tógáil sócmhainní, mar chuid den ioncam a bhaineann le hobair ar siúl. Nuair a chuirtear an tionscadal i gcrích, aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitlithe.

## 11. Féichiúnaithe Forbartha & Ioncam

Tá féichiúnaithe tobhach forbartha gearrthéarmacha san áireamh i Nóta 5. Iarchuirtear ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil dlite le hÍoc laistigh den bhliain reatha agus ní nochtar a leithéid sna ráitis airgeadais ina n-aonar.

Taispeántar airgead a bhaineann le ranníocaíocht forbartha bailithe in 2023 atá dlite d'Uisce Éireann in 2023 mar chreidiúnaí.

Ní chuimsítear gach tobhach Alt 49 ach mar éarlaisí in-aisíoctha de bhrí go bhfuil an chomhairle ag feidhmiú mar ghníomhaí don Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (R.P.A).

## **12. Fuascailt Fiach**

Cuirtear na fáltais ó iasachtaí a bheith á bhfuascailt go luath ag iasachtaithe i bhfeidhm i ndáil le fuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáiste ó HFA.

## **13. Scéimeanna Léasa**

Muirearaítear íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin chuig an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Áirítear sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais i sócmhainní seasta. Taispeántar an méid atá dlite ar iarmhéideanna gan íoc faoi dhliteanais reatha agus creidiúnaithe fadtéarmacha. Úsáid modh shuim na ndigití chun gach léas a ríomh.

## **14. Stoc**

Déantar stoic a luacháil ar bhonn meánchostais.

## **15. Obair ar Siúl & Réamhchaiteachas**

Is éard atá i gceist le hobair ar siúl agus réamhchaiteachas costas stairiúil carntha na dtionscadal éagsúil a bhaineann le caipiteal. Taispeántar an t-ioncam fabhráithe i ndáil leis na tionscadail seo sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar 'Ioncam WIP'.

## **16. Páirtithe Gaolmhara**

Is éard atá i gceist le hidirbheart páirtí ghaolmhair acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí a aistriú idir údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar. Áirítear i measc na bpríomhpháirtithe gaolmhara atá ag údarás áitiúil:

- i. Lucht Bainistíochta agus Pearsanra
- ii. Baill den Chomhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údaráis Áitiúil

Tá baill chomhairle agus príomhphearsanra Údaráis Áitiúil faoi cheangal faoi na hailt ábhartha d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus reachtaíocht leasaitheach eile:

- A. Dearbhú bliantúil maidir le 'leasanna is gá a fhógairt' atá sonraithe in alt 175 den Acht a thíolacadh;
- B. Aon leasanna tairbhiúla, faoi alt 167, 178 agus 179, atá acu féin nó ag duine bainteach leo; agus
- C. Cód iompair a d'eisigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi alt 169 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001 in 2004 a leanúint.

Áirítear i 'leasanna is gá a fhógairt' leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile cosúil le talamh etc. Tá tuarastal agus luach saothair lucht bainistíochta agus pearsanra údaráis áitiúil á gcinneadh ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta de réir bheartas rialtais

láir maidir le rátaí pá. Tá leasanna an Údaráis Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair á nochtadh in Aguisín 8 leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá idirbhearta Údaráis Áitiúil le ranna rialtais á rialú ag rialuithe agus nósanna imeachta rialtais láir atá bunaithe ar rialacha cuntasaíochta rialtais.

## **17. Leas i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil**

Tá sonraí na gcuideachtaí a bhfuil leas ag an gComhairle iontu liostaithe in Aguisín 8.

## **18. Cuntasaíocht do Chaiteachas.**

Déantar cuntas ar chaiteachas i ndáil le beartas sa rannán ábhartha e.g. E15 Gníomhú ar son na hAeráide agus Tuilte.

Déantar cuntas ar chaiteachas oibriúcháin sa réimse ina dtabhaítear an caiteachas e.g. Tithíocht, Bóithre, etc. Tá sé seo ag teacht le córas costála na nÚdarás Áitiúil a chiallaíonn nach mór na costais ar fad a bhaineann leis an tseirbhís a léiriú i gcostas iomlán seirbhíse/fo-sheirbhíse.



# **CUNTAIS AIRGEADAIS**

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS AN CHUNTAIS IONCAIM & CAITEACHAIS) DON

BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

Tugtar le chéile i Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus caiteachas ar fad a bhaineann leis an gcuntas ioncaim. Taispeántar an barrachas/(easnamh) don bhliain.

Leithdháileann Nóta 16 aistrithe de réir an rannáin seirbhíse san fhormaid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

Caiteachas de réir an Rannáin	Nóta	Ollchaiteachas	Ioncam	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
		2023	2023	2023	2022
		€	€	€	€
Tithíocht agus Foirgneamh		94,865,186	97,154,193	(2,289,007)	(4,093,280)
Bóithre, Iompar & Sábháilteacht		36,224,984	10,436,385	25,788,599	24,550,994
Seirbhísí Uisce		17,092,162	17,117,958	(25,797)	(2,092,364)
Bainistíocht Forbartha		27,874,193	8,101,584	19,772,610	16,763,975
Seirbhísí Timpeallachta		47,991,896	11,698,921	36,292,976	35,102,047
Áineas & Conláistí		55,696,686	4,155,812	51,540,874	45,793,011
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas		155,5916	485,603	1,070,313	767,008
Seirbhísí Ilghnéitheacha		9,637,628	22,006,799	(12,369,172)	11,796
<b>Caiteachas/Ioncam Iomlán</b>	<b>15</b>	<b>290,938,651</b>	<b>171,157,255</b>		
Glanchoistas Rannáin le maoiniú ó Rátaí agus ó Cháin Mhaoine Áitiúil				119,781,396	116,803,188
Rátaí				154,729,089	151,293,793
Cáin Mhaoine Áitiúil				9,779,302	8,698,895
<b>Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú</b>				<b>44,726,994</b>	<b>43,189,500</b>
Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí	<b>14</b>			(44,726,742)	(43,189,108)
<b>Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain</b>	<b>16</b>			<b>252</b>	<b>393</b>
Cúlchiste Ginearálta ag an 1 Eanáir				15,980,204	15,979,812
Cúlchiste Ginearálta ag an 31 Nollaig				15,980,456	15,980,204

**RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE)  
AMHAIL AG AN 31 NOLLAIG 2023**

	Nótaí	2023	2022
		€	€
<b>Sócmhainní Seasta</b>	1		
Oibríochtúil		1,564,445,686	1,463,233,189
Bonneagar		1,155,590,687	1,159,631,876
Pobal		102,977,088	103,257,960
Neamhoibríochtúil		339,387,112	305,980,160
		<b>3,162,400,573</b>	<b>3,032,103,185</b>
<b>Obair ar Siúl agus Réamhchostais</b>	2	<b>134,172,736</b>	<b>113,260,149</b>
<b>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</b>	3	<b>307,245,595</b>	<b>300,403,084</b>
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Stoc	4	700,196	587,836
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	63,297,783	72,077,880
Infheistíochtaí Baine*		397,047,942	396,214,369
Airgead sa Bhanc		10,557,934	13,543,266
Airgead faoi Bhealach		2,378,576	2,091,845
		<b>473,982,431</b>	<b>484,515,197</b>
<b>Dlíteanais Reatha</b>			
Rótharraingt Baine		-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	6	163,998,096	157,647,528
Léasanna Airgeadais		994,626	872,423
		<b>164,992,722</b>	<b>158,519,951</b>
<b>Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)</b>		<b>308,989,709</b>	<b>325,995,246</b>
<b>Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)</b>			
Iasachtaí Iníoctha	7	290,934,395	272,287,597
Léasanna Airgeadais		1,832,540	1,389,771
Taiscí In-aisíoctha	8	47,270,013	49,382,278
Eile		118,372,931	103,121,793
		<b>458,409,879</b>	<b>426,181,440</b>
<b>Glansócmhainní / (Dlíteanais)</b>		<b>3,454,398,734</b>	<b>3,345,580,224</b>
<b>Ionadaithe ag</b>			
Caipitliú	9	3,162,400,573	3,032,103,185
Ioncam Obair ar Siúl	2	151,589,606	106,031,704
Cúlchistí Ioncaim Ghinearálta		15,980,456	15,980,204
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
Iarmhéideanna Eile	10	124,428,099	191,465,130
<b>Cúlchistí Iomlána</b>		<b>3,454,398,734</b>	<b>3,345,580,224</b>

\* San áireamh sna hInfheistíochtaí Baine tá suim de €2.9m a bhaineann le tobhaigh Alt 49 don Mheitreo Thuaidh & Páirc Hans

**RÁITEAS AR SHREABHADH CISTÍ (RÁITEAS SREABHAIDH CISTÍ)**

**AMHAIL AG AN 31 NOLLAIG 2023**

		<b>2023</b>	<b>2023</b>
		€	€
<b>GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM</b>	<b>Nóta</b>		
Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	17		15,018,557
 <b>GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL</b>			
<b>Torthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísíú Airgeadais</b>			
Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Caipitilthe Sócmhainní Seasta		130,297,388	
Méadú/(Laghdú) ar WIP/Réamh-mhaoiniú		45,557,901	
Méadú/(Laghdú) ar Iarmhéideanna Cúlchiste	18	(9,724,522)	
<b>Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Thorthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísíú Airgeadais</b>			<b>166,130,768</b>
 <b>Caiteachas Caipitil &amp; Infheistíocht Airgeadais</b>			
(Méadú)/Laghdú ar Shócmhainní Seasta		(130,297,388)	
(Méadú)/Laghdú ar WIP/Réamh-mhaoiniú		(20,912,587)	
(Méadú)/Laghdú ar Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	(30,363,814)	
<b>Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Chaiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais</b>			<b>(181,573,789)</b>
 <b>Cúrsaí Airgeadais</b>			
Méadú/(Laghdú) ar Mhaoiniú Iasachta & Léasa	20	27,620,396	
(Méadú)/Laghdú ar Mhaoiniú Cúlchiste	21	(26,948,696)	
<b>Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>			<b>671,701</b>
 <b>Sealúchais Trú Páirtí</b>			
Méadú/(Laghdú) ar Thaiscí In-aisíoctha			(2,112,265)
 <b>Glanmhéadú/(Laghdú) in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim</b>	22		<b>(1,865,029)</b>

# 1. Sócmhainní Seasta

	Talamh	Páirceanna Foirgnimh	Tithíocht		Gléasra & Innealra (Saol Fada agus Gearr)	Ríomhairí, Troscán agus Trealamh cht	Oidhrea	Bóithre agus Bonneagar	Líonra Uisce agus Séarachais	Iomlán
	€									
<b>Costais</b>										
Costais Charntha ag an 1 Eanáir	333,248,796	27,770,899	1,206,481,803	314,042,088	15,594,989	1,538,988	1,099,130	1,081,406,466	202,059,449	3,183,242,609
Breiseanna - Ceannaithe	28,733,394	-	32,541,069	7,033,184	1,918,864	-	-	-	-	70,226,511
Breiseanna - Aistriú WIP	-	-	68,926,264	-	-	-	-	-	-	68,926,264
Diúscairtí/Aistrithe Reachtúla	(2,760,246)	-	(148,447)	-	(580,312)	-	-	-	-	(3,489,005)
Athluacháil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartú Costas Stairiúil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
<b>Costais Charntha 31/12/2023</b>	<b>359,221,945</b>	<b>27,770,899</b>	<b>1,307,800,690</b>	<b>321,075,272</b>	<b>16,933,541</b>	<b>1,538,988</b>	<b>1,099,130</b>	<b>1,081,406,466</b>	<b>202,059,449</b>	<b>3,318,906,380</b>
<b>Dímheas</b>										
Dímheas Carntha ag an 1 Eanáir	-	16,004,145	-	121,695	9,255,925	1,271,488	-	-	124,486,172	151,139,424
Soláthar don bhliain	-	280,873	-	-	1,421,256	106,386	-	-	4,041,189	5,849,704
Diúscairtí/Aistrithe Reachtúla	-	-	-	-	(483,322)	-	-	-	-	(483,322)
<b>Dímheas Carntha 31/12/2023</b>	<b>-</b>	<b>16,285,017</b>	<b>-</b>	<b>121,695</b>	<b>10,193,859</b>	<b>1,377,874</b>	<b>-</b>	<b>-</b>	<b>128,527,361</b>	<b>156,505,807</b>
<b>Glanluach de réir na Leabhar ag an 31/12/2023</b>	<b>359,221,945</b>	<b>11,485,881</b>	<b>1,307,800,690</b>	<b>320,953,577</b>	<b>6,739,682</b>	<b>161,113</b>	<b>1,099,130</b>	<b>1,081,406,466</b>	<b>73,532,088</b>	<b>3,162,400,573</b>
Glanluach de réir na Leabhar ar an 31/12/2022	333,248,796	11,766,754	1,206,481,803	313,920,394	6,339,065	267,499	1,099,130	1,081,406,466	77,573,277	3,032,103,185
<b>Glanluach de réir na Leabhar bunaithe ar Chatagóir</b>										
Oibríochtúil	40,660,672	-	1,307,800,690	209,083,529	6,739,682	161,113	-	-	-	1,564,445,686
Bonneagar	652,133	-	-	-	-	-	-	1,081,406,466	73,532,088	1,155,590,687
Pobal	-	11,485,881	-	90,509,276	-	-	981,930	-	-	102,977,088
Neamhoibríochtúil	317,909,140	-	-	21,360,772	-	-	117,200	-	-	339,387,112
<b>Glanluach de réir na Leabhar ag an 31/12/2023</b>	<b>359,221,945</b>	<b>11,485,881</b>	<b>1,307,800,690</b>	<b>320,953,577</b>	<b>6,739,682</b>	<b>161,113</b>	<b>1,099,130</b>	<b>1,081,406,466</b>	<b>73,532,088</b>	<b>3,162,400,573</b>

## 2. Obair idir Lámha agus Réamhchostais

Tá achoimre le fáil thíos ar obair atá ar siúl agus réamhchaiteachas bunaithe ar an gcatagóir sócmhainne:

	<b>Maoinithe</b>	<b>Neamh- mhaoinithe</b>	<b>Iomlán</b>	<b>Iomlán</b>
	<b>2023</b>	<b>2023</b>	<b>2023</b>	<b>2022</b>
	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>	<b>€</b>
<b><u>Caiteachas</u></b>				
Réamhchostais	84,093,100	41,904,736	125,997,836	105,408,558
Obair ar Siúl	8,174,900	-	8,174,900	7,851,591
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>92,268,000</b>	<b>41,904,736</b>	<b>134,172,736</b>	<b>113,260,149</b>
<b><u>Ioncam</u></b>				
Réamhchostais	89,196,407	54,315,442	143,511,849	98,466,471
Obair ar Siúl	8,077,757	-	8,077,757	7,565,233
<b>Ioncam Iomlán</b>	<b>97,274,164</b>	<b>54,315,442</b>	<b>151,589,606</b>	<b>106,031,704</b>
<b><u>Méid Glan Caite</u></b>				
Obair ar Siúl	97,143	-	97,143	286,357
Réamhchostais	(5,103,307)	(12,410,706)	(17,514,013)	6,942,087
<b>Róchaiteachas Glan/(Tearc)</b>	<b>(5,006,164)</b>	<b>(12,410,706)</b>	<b>(17,416,870)</b>	<b>7,228,444</b>

### 3. Féichiúnaithe Fadtéarmacha

Tá miondealú ar na féichiúnaithe fadtéarmacha le fáil thíos:

	2023	2023	2023	2023	2023	2023	2022
	Iarmhéid @ 01/01/2023	Iasachtaí Eisithe	Tráthchodann a	Luath Fuascailtí	Eile Coigeartuithe	Iarmhéid @ 31/12/2023	Iarmhéid @ 31/12/2022
	€	€	€	€	€	€	€
Réamhíocaíochtaí Morgáiste Fadtéarmacha *	138,710,800	6,413,525	(7,544,699)	(2,595,664)	(1,222,611)	133,761,350	138,710,800
Airleacain Ceannaigh ag Tionóntaí	85,515	-	(81,520)	(35,477)	112,740	81,257	85,515
Cothromas Cíosa Úinéireachta Roinnte	2,655,187	-	-	13,346	(317,384)	2,351,149	2,655,187
	141,451,502	6,413,525	(7,626,220)	(2,617,795)	(1,427,256)	136,193,756	141,451,502
Réamhíocaíochtaí Iasachta Forchúitithe						63,898,979	68,381,031
Scéimeanna Gaolmhara Tithíochta						118,372,931	103,121,793
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Airgead						-	-
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Cuideachtaí Comhlachaithe						4	2
Eile						-	-
						318,465,670	312,954,328
Lúide: An Chuid Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 5)						(11,220,075)	(12,551,244)
<b>Méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin</b>						<b>307,245,595</b>	<b>300,403,084</b>

\* Iasachtaí gníomhaireachta HFA san áireamh

## 4. Stoic

Tá achoimre ar stoc le fáil thíos:

	2023	2022
	€	€
Stórtha Lárnacha	67,771	60,582
Iostaí Eile	632,425	527,254
<b>Iomlán</b>	<b>700,196</b>	<b>587,836</b>

## 5. Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí

Tá miondealú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí le fáil thíos:

	2023	2022
	€	€
Féichiúnaithe Rialtais	17,366,095	16,440,634
Féichiúnaithe Tráchtála	10,732,756	12,164,033
Féichiúnaithe Neamhtráchtála	11,457,306	10,451,136
Féichiúnaithe Ranníocaíochtaí Forbartha	40,338,614	60,273,226
Seirbhísí Eile	389,237	397,739
Údaráis Áitiúla Eile	2,242,824	5,775,140
Na Coimisinéirí Ioncaim Eile	-	-
An Chuid Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 3)	11,220,075	12,551,244
<b>Féichiúnaithe Comhlána Iomlána</b>	<b>93,746,908</b>	<b>118,053,153</b>
Lúide: Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach	(38,221,019)	(51,178,516)
<b>Féichiúnaithe Trádála Iomlána</b>	<b>55,525,890</b>	<b>66,874,637</b>
Réamhíocaíochtaí	7,771,893	5,203,242
<b>Iomlán</b>	<b>63,297,783</b>	<b>72,077,880</b>

## 6. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

Tá miondealú ar chreidiúnaithe agus fabhruithe le fáil thíos:

	2023	2022
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	15,308,800	12,715,399
Deontais	116,903	468,695
Na Coimisinéirí Ioncaim	5,276,282	4,483,200
Údaráis Áitiúla Eile	142,743	231,234
Creidiúnaithe Eile	335,178	256,933
	<b>21,179,906</b>	<b>18,155,461</b>
Fabhruithe	106,848,676	84,166,737
Ioncam Iarchurtha	19,332,916	38,833,446
Cuir an Sciar Reatha d'Iasachtaí Iníoctha leis (Nóta 7)	16,636,598	16,491,884
<b>Iomlán</b>	<b>163,998,096</b>	<b>157,647,528</b>

## 7. Iasachtaí Iníoctha

(a) Gluaiseacht in Iasachtaí Iníoctha	2023	2023	2023	2023	2022
	HFA	OPW	Eile	Iomlán	Iomlán
	€	€	€	€	€
Iarmhéid Tosaigh	275,066,339	-	13,713,143	288,779,481	310,048,971
Iasachtaíocht	48,879,675	-	-	48,879,675	12,019,650
Aisfócaíocht Príomhshuime	(14,775,530)	-	(906,697)	(15,682,227)	(17,938,714)
Luathfhuascailtí	(7,354,654)	-	(7,051,282)	(14,405,936)	(15,010,365)
Coigeartuithe Eile	-	-	-	-	(340,060)
	<b>301,815,829</b>	<b>-</b>	<b>5,755,164</b>	<b>307,570,993</b>	<b>288,779,481</b>
Lúide: Sciar Reatha Íocaíochtaí Iníoctha (Nóta 6)				16,636,598	16,491,884
<b>Méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin</b>				<b>290,934,395</b>	<b>272,287,597</b>

### (b) Cur i bhfeidhm Iasachtaí

Tá anailís ar iasachtaí iníoctha le fáil thíos:

#### Morgáiste

Iasachtaí Morgáiste *	131,235,149	-	-	131,235,149	134,102,841
-----------------------	-------------	---	---	-------------	-------------

#### Neamh-Mhorgáiste

Sócmhainní/Deontais	66,816,964	-	-	66,816,964	35,753,829
---------------------	------------	---	---	------------	------------

Maoiniú Ioncaim	-	-	-	-	-
-----------------	---	---	---	---	---

Maoiniú Idirlinne	42,101,213	-	-	42,101,213	46,784,880
-------------------	------------	---	---	------------	------------

Forchúitithe	58,143,814	-	5,755,164	63,898,978	68,381,030
--------------	------------	---	-----------	------------	------------

Cothromas Cíosá Úinéireachta Roinnte	3,518,690	-	-	3,518,690	3,756,902
--------------------------------------	-----------	---	---	-----------	-----------

<b>Iarmhéid ar an 31 Nollaig</b>	<b>301,815,829</b>	<b>-</b>	<b>5,755,164</b>	<b>307,570,993</b>	<b>288,779,481</b>
----------------------------------	--------------------	----------	------------------	--------------------	--------------------

Lúide: An Chuid Reatha d'Iasachtaí Iníoctha				16,636,598	16,491,884
---	--	--	--	------------	------------

<b>Méideanna Iomlána Dlite i ndiaidh bliain amháin</b>				<b>290,934,395</b>	<b>272,287,597</b>
--	--	--	--	--------------------	--------------------

\* Lena n-áirítear Iasachtaí Gníomhaireachta HFA

## 8. Taisc In-aisíoctha

Tá eolas le fáil thíos maidir le gluaiseacht taisc in-aisíoctha:

	2023	2022
	€	€
Iarmhéid Tosaigh ar an 1 Eanáir	49,382,278	43,477,273
Taiscí faighte	6,619,120	7,720,639
Taiscí aisíoctha	(8,731,385)	(1,815,634)
<b>Iarmhéid Deiridh ag an 31 Nollaig</b>	<b>47,270,013</b>	<b>49,382,278</b>

Tabhair faoi deara: Áirítear Taisc In-aisíoctha Gearrthéarmacha mar chuid de na hInfheistíochtaí Airgid ar an gClár Comhardaithe

## 9. Cuntas Caipitlithe

Léirítear maoiniú na sócmhainní sa chuntas caipitlithe mar seo a leanas:

	2023	2023	2023	2023	2023	2023	2023	2022
	Iarmhéid @ 01/01/2023	Ceannaithe	Aistrithe WIP	Diúscairtí/ T/Fanna Reachtúla	Athluacháil	Costas Stairiúil Coigeartuithe	Iarmhéid @ 31/12/2023	Iarmhéid @ 31/12/2022
	€	€	€	€	€	€	€	€
Deontais	634,621,581	49,818,224	68,926,264	-	-	-	753,366,069	634,621,581
Iasachtaí	163,091,058	2,320,461	-	-	-	-	165,411,519	163,091,058
Ioncam Maoinithe	14,962,301	-	-	(88,085)	-	-	14,874,216	14,962,301
Léasanna	11,856,234	1,828,472	-	(408,607)	-	-	13,276,099	11,856,234
Ranníocaíochtaí Forbartha	92,270,672	127,777	-	-	-	-	92,398,449	92,270,672
Blianachtaí Ceannaigh ag Tionóntaí	-	-	-	-	-	-	-	-
Neamh-mhaoinithe	165,691,176	8,195,334	-	(643)	-	-	173,885,866	165,691,176
Stairiúil	2,063,995,575	(400,620)	-	(2,908,049)	-	-	2,060,686,906	2,063,995,575
Eile	36,754,013	8,336,863	-	(83,621)	-	-	45,007,256	36,754,013
<b>Maoiniú Comhlán Iomlán</b>	<b>3,183,242,609</b>	<b>70,226,511</b>	<b>68,926,264</b>	<b>(3,489,005)</b>	-	-	<b>3,318,906,380</b>	<b>3,183,242,609</b>
Lúide: Amúchta							(156,505,807)	(151,139,424)
<b>Iomlán *</b>							<b>3,162,400,573</b>	<b>3,032,103,185</b>

